



An Bhruiséil, 1 Aibreán 2026  
(OR. en)

7940/26

COMPET 393  
MI 309  
JAI 423  
TELECOM 150  
CT 47  
PI 46  
AUDIO 45  
CONSOM 108  
CODEC 588  
JUSTCIV 49

## NÓTA

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
An:	31 Márta 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 147 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir leis na costais bhliantúla fhoriomlána arna dtabhú chun cúraimí an Choimisiúin a chomhlíonadh de bhun Rialachán (AE) 2022/2065 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025 agus méid iomlán na dtáillí maoirseachta bliantúla arna ngearradh de bhun Airteagal 6(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1127 ón gCoimisiún in 2025

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 147 final.

Faoi iamh: COM(2026) 147 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 31.3.2026  
COM(2026) 147 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS  
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis na costais bhliantúla fhoriomlána arna dtabhú chun cúraimí an Choimisiúin a chomhlíonadh de bhun Rialachán (AE) 2022/2065 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025 agus méid iomlán na dtáillí maoirseachta bliantúla arna ngearradh de bhun Airteagal 6(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1127 ón gCoimisiún in 2025**

## 1. Réamhrá

- (1) Is chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle a dhírítear an tuarascáil seo i gcomhthéacs fhorfheidhmiú Rialachán (AE) 2022/2065 <sup>(1)</sup> – an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD). Le GSD, leagtar síos rialacha comhchuíbhithe is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse idirghabhálaí chun timpeallacht shábháilte, intuartha agus iontaofa ar líne a áirithiú sa mhargadh inmheánach. Leagtar amach ann oibleagáidí bunúsacha is infheidhme maidir leis na soláthraithe seirbhíse idirghabhálaí uile, chomh maith le hoibleagáidí breise do sholáthraithe seirbhísí óstála (lena n-áirítear ardán ar líne), do sholáthraithe ardán ar líne, agus do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne agus do sholáthraithe inneall cuardaigh an-mhór ar líne. Bunaítear leis freisin córas maoirseachta agus forfheidhmithe maidir leis na rialacha sin ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit.
- (2) Le GSD, tugtar an inniúlacht eisiach don Choimisiún ardán an-mhór ar líne agus innill chuardaigh an-mhór ar líne a ainmniú agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhforálacha a leagtar síos i Roinn 5 de Chaibidil III de GSD ag a soláthraí chomh maith leis an inniúlacht maoirseacht a dhéanamh i dtaobh comhlíonadh forálacha eile de chuid GSD Tá sainordú ag an gCoimisiún freisin saineolas agus cumais a chomhordú agus a fhorbairt ar leibhéal an Aontais maidir le maoirseacht a dhéanamh ar shaincheisteanna sistéamacha agus ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn i ndáil le hardáin an-mhór ar líne agus le hinnill chuardaigh an-mhór ar líne. Thairis sin, tá cúraimí breise sannta don Choimisiún a bhaineann le méid agus raon intreach trasteorann agus/nó uile-Aontais na seirbhísí ainmnithe sin.
- (3) Chun a áirithiú go bhfuil na hacmhainní is gá ag an gCoimisiún chun na cúraimí maoirseachta a chuirtear air faoi GSD a dhéanamh go héifeachtach ó thaobh foirne, saineolais agus acmhainní airgeadais de, ceanglaítear le hAirteagal 43 GSD ar an gCoimisiún táille mhaoirseachta bhliantúil a thobhach ar gach soláthraí ardán an-mhór ar líne nó inneall cuardaigh an-mhór ar líne, faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.
- (4) Déantar foráil in Airteagal 43(7) GSD maidir leis an tuarascáil bhliantúil a ullmhú ag an gCoimisiún, a bheidh dírithe ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle, mar bhealach chun cuntasacht agus trédhearcacht a sholáthar do na hinstiúidí sin i ndáil le gníomhaíochtaí an Choimisiúin faoi GSD, a fhoilseofar ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin de bhun Airteagal 8(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1127 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>. Go háirithe, ní mór faisnéis a bheith sa tuarascáil maidir le méid iomlán na dtáillí maoirseachta a gearradh ar sholáthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne sa bhliain roimhe sin agus maidir le méid foriomlán na gcostas arna dtabhú ag an gCoimisiún chun a chúraimí faoin Rialachán sin a chomhlíonadh, mar a bhunaítear in Airteagal 8 den Rialachán Tarmligthe sin.
- (5) Dá réir sin, tugtar forléargas sa tuarascáil seo ar na costais a thabhaigh an Coimisiún in 2025 chun a chúraimí faoi GSD a chomhlíonadh. Leagtar amach go háirithe ann na costais shonracha arna dtabhú i gcomhlíonadh na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43(2) GSD, arb iad na costais iad a chumhdaítear leis na táillí maoirseachta a toibhíodh in 2024.
- (6) Ina theannta sin, cuirtear faisnéis ar fáil sa tuarascáil seo maidir le méid iomlán na dtáillí maoirseachta a toibhíodh in 2025 chun na costais a chumhdach atá le tabhú ag an gCoimisiún chun a chúraimí a chomhlíonadh de bhun GSD in 2026. Cuirtear faisnéis ar fáil ann freisin maidir le stádas na n-íocaíochtaí, chomh maith leis na himeachtaí cúirte leanúnacha, a bhaineann leis na cinntí cur chun feidhme lena mbunaítear méid na dtáillí maoirseachta bliantúla i ndáil le gach soláthraí.

---

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj>).

<sup>(2)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1127 ón gCoimisiún an 2 Márta 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na modheolaíochtaí agus na nósanna imeachta mionsonraithe maidir leis na táillí maoirseachta a ghearrann an Coimisiún ar sholáthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne (IO L 149, 9.6.2023, lch 16, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg\\_del/2023/1127/oj](http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1127/oj)).

## 2. Costais arna dtabhú ag an gCoimisiún chun a chúraimí a chomhlíonadh de bhun GSD in 2025

- (7) Cumhdaítear sa tuarascáil sin an tréimhse thuairiscíúcháin ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025.

Ba í an lú bliain iomlán í d'oibríocht ghinearálta an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí Digiteacha (an 'Bord') ó tionóladh a chéad chruinniú an 19 Feabhra 2024; ainmniú Stripchat mar ardán an-mhór ar líne a fhoirceannadh,<sup>(3)</sup> ) rud a chiallaíonn gur 22 ardán an-mhór ar líne agus 2 inneall cuardaigh an-mhór ar líne a bhí ainmnithe faoi mhí na Nollag 2025; an obair ullmhúcháin chun WhatsApp a ainmniú mar ardán an-mhór ar líne (a glacadh go héifeachtach an 26 Eanáir 2026)<sup>(4)</sup> ) agus glacadh roinnt gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin i ndáil le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos faoi GSD ag soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne, go háirithe iad siúd a bhaineann le scaipeadh inneachair neamhdhleathaigh, lena n-áirítear táirgí, chomh maith le sláine na bpróiseas toghchánach agus cosaint mionaiseach ar líne. I ndáil le cosaint mionaiseach ar líne, d'fhoilsigh an Coimisiún na Treoirínte maidir le Bearta chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú do mhionaoisigh ar líne i mí Iúil 2025, lena soláthraítear liosta neamh-uileghabhálach beart ba cheart, dar leis an gCoimisiún, do sholáthraithe ardán ar líne a bhfuil rochtain ag mionaoisigh orthu a chur i bhfeidhm chun a n-oibleagáidí faoi Airteagal 28(1) GSD a chomhlíonadh<sup>(5)</sup>. Thionscnaigh an Coimisiún imeachtaí foirmiúla freisin chun imscrúdú a dhéanamh ar shárúithe amhrasta ag ceithre sholáthraí ardán an-mhór ar líne a scaipeann ábhar pornagrafach, i ndáil lena n-oibleagáid ardlleibhéal cosanta a áirithiú do mhionaoisigh ar a seirbhísí agus chun measúnú a dhéanamh go dícheallach ar an riosca córais do chosaint mionaiseach a eascraíonn as a seirbhísí agus é a mhaolú go héifeachtach<sup>(6)</sup>. Le linn na tréimhse céanna sin, seoladh níos mó ná 80 iarraidh ar fhaisnéis chuig soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne, agus tionscnaíodh 4 imeacht foirmiúla breise i gcoinne roinnt soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne, as 19 n-imeacht foirmiúla san iomlán a tionscnaíodh ó 2023 go dtí deireadh 2025. Thairis sin, in 2025 dhírigh an Coimisiún 7 réamhthoradh ar sholáthraithe ardán an-mhór ar líne, agus ghlac sé an chéad chinneadh maidir le neamhchomhlíonadh faoi GSD, lena forchuireadh an chéad fhíneáil riamh as sárú ar GSD<sup>(7)</sup>. Ghlac an Coimisiún cinneadh freisin lena ndéantar na gealltanais a thairg soláthraí amháin ardán an-mhór ar líne i gcomhthéacs imeachtaí GSD ceangailteach ó thaobh an dlí de ar an soláthraí sin<sup>(8)</sup>. Ar deireadh, sa ráithe dheireanach de 2025, rinne an Coimisiún an obair ullmhúcháin chun an cinneadh a ghlacadh (i) lena tionscnaíodh imeachtaí in aghaidh soláthraí X i ndáil le himscaradh fheidhmiúlachtaí Grok san Aontas agus a oibleagáidí measúnú dícheallach a dhéanamh ar na rioscaí sistéamacha a eascraíonn as an tseirbhís sin a bhaineann le scaipeadh inneachair neamhdhleathaigh san Aontas agus iad a mhaolú go héifeachtach, amhail íomhánna mí-ionramháilte gáirsúla, agus (ii) lena cuireadh síneadh leis na himeachtaí a tionscnaíodh i mí na Nollag 2023 i ndáil le córais moltaí X agus le haon chóras algartamach ábhartha eile. Glacadh an cinneadh sin i mí Eanáir 2026.<sup>(9)</sup>

- (8) Le linn na tréimhse thuasluaite sin, lean an Coimisiún de na struchtúir inmheánacha is gá a threisiú agus leithdháil sé na hacmhainní iomchuí daonna, oibríochtúla agus riaracháin chun GSD a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus chun a chúraimí a chomhlíonadh. Áiríodh leis sin baill foirne agus saineolaithe

<sup>(3)</sup> Preaseisiúint, an 27 Bealtaine 2024: [https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip\\_25\\_1339](https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_25_1339).

<sup>(4)</sup> Preaseisiúint, an 26 Eanáir 2026: <https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/commission-designates-whatsapp-very-large-online-platform-under-digital-services-act>.

<sup>(5)</sup> Preaseisiúint, an 14 Iúil 2025: <https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/library/commission-publishes-guidelines-protection-minors>.

<sup>(6)</sup> Preaseisiúint, an 27 Bealtaine 2025: <https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/commission-opens-investigations-safeguard-minors-pornographic-content-under-digital-services-act>.

<sup>(7)</sup> Preaseisiúint, an 5 Nollaig 2025: <https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/commission-fines-x-eu-120-million-under-digital-services-act>.

<sup>(8)</sup> Preaseisiúint, an 18 Meitheamh 2025: <https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/commission-makes-aliexpress-commitments-under-digital-services-act-binding>.

<sup>(9)</sup> Preaseisiúint, an 26 Eanáir 2026: <https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/commission-investigates-grok-and-xs-recommender-systems-under-digital-services-act>.

náisiúnta ar iasacht a earcú a raibh saineolas acu i ngach réimse oibre a chumhdaítear le GSD, na córais TF is gá a fhorbairt, agus gníomhaíochtaí agus tacaíocht fothaithe acmhainneachta maoirseachta a chonrú.

- (9) A mhéid a bhaineann le hacmhainní daonna, chuir an Coimisiún leis an líon ball foirne chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar GSD tar éis cur leis an bhfaireachán a dhéantar ar ghníomhaíochtaí comhlíonta. Sa tréimhse thuairisciúcháin, earcaíodh 80 ball foirne, lena n-áirítear oifigigh dlí, oifigigh bheartais, eolaithe sonraí/speisialtóirí teicneolaíochta, oifigigh chumarsáide, speisialtóirí buiséid agus iniúchóireachta agus bainisteoirí tionscadail. Chuaigh 54 de na baill sin isteach san Ard-Stiúrthóireacht um Líonraí Cumarsáide, Ábhar Digiteach agus Teicneolaíoch (AS CNECT) agus chuaigh na 26 bhall eile isteach in ionadaíochtaí an Choimisiúin sna Ballstáit.
- (10) Is iad seo a leanas na costais fhoriomlána arna dtabhú ag an gCoimisiún le haghaidh chúraimí forfheidhmithe uile GSD, lena n-áirítear na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43(2) GSD<sup>(10)</sup> agus cúraimí eile a chomhlíontar de bhun airteagail eile de chuid GSD le linn na tréimhse tuairisciúcháin, de réir catagóirí costais: <sup>(11)</sup>

<b>Na costais iomlána a tabhaíodh</b>	<b>EUR 46,14 milliún</b>
Caiteachas acmhainní daonna	EUR 24,17 milliún
Caiteachas oibríochtúil agus riaracháin	EUR 21,97 milliún

- (11) Maidir le deighilt an chaiteachais idir na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43(2) GSD agus na cúraimí fhorfheidhmithe GSD uile eile, sa bhreis ar na mionsonraí in aghaidh na catagóire costais, agus léiriú ar aon bharrachas nó easnamh a ghintear in 2025, cuirtear i láthair iad i ranna 2.1 go 2.3 thíos.

#### 2.1 Costais arna dtabhú le haghaidh cúraimí a bhaineann le hAirteagal 43(2) GSD

- (12) Laistigh de mhéid foriomlán na gcostas dá dtagraítear i mír(10) den tuarascáil seo, is é seo a leanas an caiteachas sonrach arna thabthú ag an gCoimisiún chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43(2) GSD a chomhlíonadh sa tréimhse thuairisciúcháin, agus a chumhdaítear, dá bhrí sin, leis na táillí maoirseachta a toibhíodh ar na soláthraithe seirbhísí ainmnithe in 2024:

<b>Costais arna dtabhú le haghaidh cúraimí a bhaineann le hAirteagal 43(2) GSD</b>	<b>EUR 42,56 milliún</b>
Caiteachas acmhainní daonna	EUR 21,15 milliún
Caiteachas oibríochtúil agus riaracháin	EUR 21,41 milliún
<i>Gníomhaíochtaí agus tacaíocht fothaithe acmhainneachta maoirseachta</i>	<i>EUR 9,63 milliún</i>
<i>Comhaontuithe riaracháin TF</i>	<i>EUR 4,58 milliún</i>
<i>Saineolaithe seachtracha</i>	<i>EUR 3,55 milliún</i>
<i>Bunachair sonraí, uirlisí digiteacha agus córais TF</i>	<i>EUR 2,84 milliún</i>
<i>Gníomhaíochtaí an bhoird</i>	<i>EUR 0,48 milliún</i>
<i>Misin</i>	<i>EUR 0,15 milliún /</i>
<i>Caiteachas riaracháin ar an earcaíocht</i>	<i>EUR 0,15 milliún</i>

<sup>(10)</sup> Tagraítear in Airteagal 43(2) GSD do chostais a bhaineann leis an ainmniú de bhun Airteagal 33, do bhunú, cothabháil agus oibriú an bhunachair sonraí de bhun Airteagal 24(5) agus don chóras comhroinnte faisnéise de bhun Airteagal 85, do tharchuir de bhun Airteagal 59, do thacú leis an mBord de bhun Airteagal 62 agus do na cúraimí maoirseachta de bhun Airteagal 56 agus Roinn 4 de Chaibidil IV.

<sup>(11)</sup> Tuairiscítear na figiúirí a chuirtear i láthair sa doiciméad seo in EUR milliún le dhá dheachúil, gan aon teicníc shlánaithe curtha i bhfeidhm. Ar an gcúis sin, d'fhéadfadh sé nach gcomhfhreagródh roinnt iomlán le suim na bhfigiúirí ar leithligh a chuirtear i láthair sa tuarascáil.

a. *Caiteachas acmhainní daonna*

- (13) Rinneadh ríomh bliantúil an chaiteachais acmhainní daonna ar bhonn meánchostais bhliantúla in aghaidh na bhfostaithe coibhéise lánaimseartha, lena n-áirítear meánchaiteachas forchostais *pro rata* agus ranníocaíochtaí sóisialta is infheidhme a bhaineann leis na hacmhainní daonna sin, i gcomhréir le hAirteagal 2(2), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1127 ón gCoimisiún. <sup>(12)</sup> Chun coibhéisí lánaimseartha a ríomh, níor chuir an Coimisiún san áireamh ach am oibre éifeachtach na mball foirne i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis na cúraimí maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 43(2) GSD agus i gcomhréir leis an am a d'oibrigh siad don Choimisiún in 2025.
- (14) Cé gur cuireadh 80 ball foirne nua san iomlán leis le linn 2025, earcaíodh an fhoireann nua sin níos déanaí ná mar a bhí beartaithe agus mar thoradh air sin bhí líon níos ísle coibhéisí lánaimseartha ann ná mar a tuaradh, agus iad scaipthe le linn na bliana, arb é an líon a bhí ann thart ar 138 gcoibhéis lánaimseartha san iomlán (lena n-áirítear thart ar 34 oifigeach coibhéise lánaimseartha agus gníomhaire shealadacha, 92 ghníomhaire ar conradh coibhéise lánaimseartha agus 12 shaineolaí náisiúnta coibhéise lánaimseartha ar iasacht atá tiomnaithe do chúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43(2) GSD) an méid foriomlán EUR 21,153 milliún. <sup>(13)</sup>

b. *Caiteachas oibríochtúil agus riaracháin*

- (15) Cuirtear san áireamh i ríomh an chaiteachais oibríochtúil agus riaracháin na costais de bhun Airteagal 2(2), pointe (b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1127 ón gCoimisiún agus liosta neamhuileghabhálach ítimí in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, sa tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025, costais atá riachtanach chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43(2) GSD a chomhlíonadh. EUR 21,46 milliún a bhí sna costais iomlána oibríochtúla agus riaracháin sa tréimhse thuairisciúcháin. Tugtar tuairisc sna míreanna seo a leanas ar na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gcatagóir costais seo.
- (16) Áirítear an méid seo a leanas ar na gníomhaíochtaí agus ar an tacaíocht a bhaineann le hacmhainneacht mhaoriseachta a fhorbairt (EUR 9,63 milliún):
- An comhaontú comhair a síníodh le hOifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) (EUR 5 mhilliún) chun saineolas a sholáthar maidir le rioscaí agus sáruithe a bhaineann le maoin intleachtúil a bhaineann le hardáin an-mhór ar líne agus innill chuardaigh an-mhór ar líne;
  - An Lárionad Eorpach um Thrédhearcacht Algartamach (ECAT) de chuid an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) (EUR 1 milliún) chun tacaíocht theicniúil agus eolaíoch a sholáthar in imscrúduithe agus i mbeartais forfheidhmithe;
  - Naoi gconradh seirbhíse le haghaidh tacaíocht theicniúil agus saineolas ar roinnt ábhar, lena n-áirítear an méid seo a leanas: Bunachar sonraí trédhearcachta GSD, foréigean inscnebhunaithe agus inneachar neamhdhleathach, mí-úsáid ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne le haghaidh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, trédhearcacht an chórais moltaí, camscéimeanna airgeadais agus cosaint mionaoiseach (EUR 3,54 milliún);
  - Oiliúint a eagrú d'oifigigh agus béim á leagan ar chumais atá á bhforbairt maidir le faireachán teicniúil a dhéanamh ar ardán an-mhór ar líne agus innill chuardaigh an-mhór ar líne (EUR 0,04 milliún);

---

<sup>(12)</sup> Ríomhann an Ard-Stiúrthóireacht um an mBuiséad ('AS BUDG') na meánchostais is infheidhme in aghaidh coibhéis lánaimseartha gach bliain i gcomhthéacs ullmhú an Ráitis Reachtaigh Airgeadais agus na n-aisíocaíochtaí. Na meánchostais sin le haghaidh 2025, lena n-áirítear cheana féin meánchaiteachas oibríochtúil *pro capita* foirgneamh agus TF agus a méadaíodh cheana leis an bhforáil is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí sóisialta (24,2 %), EUR 237 657 a bhí iontu le haghaidh oifigeach agus gníomhairí sealadacha, EUR 126 839 le haghaidh Gníomhairí ar Conradh agus EUR 132 180 le haghaidh Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht.

<sup>(13)</sup> Ní hé an líon coibhéisí lánaimseartha a thuairiscítear i roinn 2.1 den tuarascáil seo an líon iomlán ball foirne de chuid an Choimisiúin a bhí ag obair ar ghníomhaíochtaí GSD in 2025. Áirítear go docht ann am oibre éifeachtach na mball foirne a chumhdaítear le cúraimí Airteagal 43(2) GSD agus an cion ama a d'oibrigh siad ar na cúraimí sin le linn na bliana sin, agus an earcaíocht ag méadú de réir a chéile ó R1 go R4.

- Ceardlanna agus comhdhálacha a eagrú leis na páirtithe leasmhara maidir le rioscaí sistéamacha (EUR 0,04 milliún); agus
  - Gníomhaíochtaí ullmhúcháin maidir le rochtain ar shonraí do thaighdeoirí bunaithe ar Airteagal 40 GSD (EUR 0,01 milliún).
- (17) Is éard atá sna **comhaontuithe riaracháin TF** (EUR 4,58 milliún) an dá chomhaontú seo a leanas arna síniú ag AS CNECT leis na comhlachtaí seo a leanas:
- Ard-Stiúrthóireacht na Seirbhísí Digiteacha (AS DIGIT) (EUR 3,71 milliún) chun seirbhísí speisialaithe TF agus néalacmhainní a sholáthar, agus tacaíocht TF do Thairseach Rochtana Sonraí GSD, do Thairseach na nArdán, agus don chóras comhroinnte faisnéise de bhun Airteagail 9, 10 agus 85 GSD;
  - An Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht (AS COMP) (EUR 0,87 milliún) chun acmhainneacht agus tacaíocht TF a sholáthar maidir le bainistiú cásanna agus maoirseacht chomhlíontachta ar ardán an-mhór ar líne agus ar innill chuardaigh an-mhór ar líne.
- (18) Baineann an caiteachas ar **shaineolaithe seachtracha** (EUR 3,55 milliún) le conarthaí seirbhíse le haghaidh na nithe seo a leanas:
- Saineolaithe TF (EUR 3,41 milliún) faoi mhaoirseacht AS CNECT, a dhéanann cúraimí forbartha agus cothabhála an chórais faisnéise de bhun Airteagal 85 GSD, an bhunachair sonraí de bhun Airteagal 24(5) GSD, agus uirlisí TF chun cumarsáid a dhéanamh le hardáin an-mhór ar líne agus le hinnill chuardaigh an-mhór ar líne. Le linn na tréimhse tuairisciúcháin, cuireadh saineolaithe seachtracha ar conradh sna réimsí TF seo a leanas: forbairt chúil agus forbairt tosaigh; faisnéis ghnó; ailtireacht bunachair sonraí, feidhmchláir, néil agus frontair; néaloibríochtaí; eolaíocht sonraí; tástáil; faisnéis agus bainistiú doiciméad; slándáil TF; dearbhú cáilíochta TF; bainistiú tacaíochta; innealtóireacht agus comhtháthú córais; taithí an úsáideora; oibríochtaí gréasáin; agus anailís ghnó.
  - Foireann na gníomhaireachta (eatramhach) (EUR 0,138 milliún) ag a bhfuil próifílí dlí, beartais, eolaíochta sonraí agus rúnaíochta, a thugann tacaíocht d'fhoireann AS CNECT maidir leis na cúraimí forfheidhmithe dá dtagraítear in Airteagal 43(2) GSD. Le linn na tréimhse tuairisciúcháin, conraíodh 12 bhall foirne gníomhaireachta.
- (19) Áirítear leis an gcaiteachas ar **bhunachair sonraí, uirlisí digiteacha agus córais TF** (EUR 2,84 milliún) trealamh speisialaithe a fháil le haghaidh faireachán ar chomhlíonadh, acmhainneacht fóiréinsice, seomraí sonraí, agus ceadúnais le haghaidh bogearraí agus bunachair sonraí tráchtálaithe atá ann cheana a bhaineann le cur chun feidhme na gcúraimí maoirseachta de bhun Airteagal 43(2) GSD. Cumhdaítear leis freisin soláthar seirbhísí TF chun Córas Comhroinnte Faisnéise GSD a chothabháil de bhun Airteagal 85 GSD, lena n-áirítear bunú an chórais tarchuir orduithe de bhun Airteagail 9 agus 10 GSD. Ar deireadh, áirítear leis cothabháil Uirlis sceithireachta GSD. <sup>(14)</sup>
- (20) Áirítear leis an gcaiteachas ar **ghníomhaíochtaí an Bhoird** (EUR 0,48 milliún) cúig chruinniú ar an láthair a eagrú as na naoi gcruinniú (agus na cinn eile á dtionól go cianda) arna dtionól ag an mBord (lena n-áirítear trí chruinniú *ad hoc*) agus sé chruinniú ar an láthair as na sé chruinniú dhéag arna dtionól ag Meithealacha an Bhoird<sup>(15)</sup>, chomh maith le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta i bhfoirm oiliúint atá dírithe ar na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha.
- (21) Áirítear leis an gcaiteachas **riaracháin ar earcaíocht** na costais arna dtabhú chun foireann an Choimisiúin atá ag obair ar chúraimí maoirseachta de bhun Airteagal 43(2) GSD a earcú, amhail

<sup>(14)</sup> <https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/dsa-whistleblower-tool>.

<sup>(15)</sup> Tá ocht Meitheal curtha ar bun ag an mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha ag tacú le misean an Bhoird: <https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/dsa-board-working-groups>.

aisíocaíocht speansas taistil chun páirt a ghlacadh sna próisis roghnúcháin agus costais ionductaithe (EUR 0,15 milliún).

- (22) Áirítear leis an gcaiteachas ar **chostais taistil maoirseachta (misin)** (EUR 0,15 milliún) na costais le go nglacadh foireann an Choimisiúin páirt i misin le linn 2025 maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le maoirseacht dhíreach ar ardáin an-mhór ar líne agus innill chuardaigh an-mhór ar líne agus maidir le saíneolas agus fothú acmhainneachta a fhorbairt i dtaobh rioscaí sistéamacha agus rioscaí atá ag teacht chun cinn.

### 2.2 Costais arna dtabhú le haghaidh chúraimí GSD nach mbaineann le hAirteagal 43(2) GSD

- (23) Na difríochtaí idir na costais a bhaineann le cúraimí uile GSD agus na costais a bhaineann leis na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43(2) GSD amháin, mínítear iad leis an gcaiteachas seo a leanas a íoctar as leithreasuithe buiséid an Aontais seachas leis an ioncam sannta seachtrach a eascraíonn as an táille mhaoirseachta bhliantúil:

<b>Costais arna dtabhú le haghaidh cúraimí nach mbaineann le hAirteagal 43(2) GSD</b>	<b>EUR 3,57 milliún</b>
Caiteachas acmhainní daonna	EUR 3,02 milliún
Caiteachas oibríochtúil agus riaracháin	EUR 0,55 milliún

- (24) Is é is cúis leis an gcaiteachas EUR 3,02 milliún ar acmhainní daonna comhlíonadh cúraimí amhail faireachán ar reachtaíocht agus ar struchtúir náisiúnta, comhordú idirsheirbhíse in ábhair chónagaracha chun comhsheasmhacht dhlíthe an Aontais le GSD a áirithiú, tuarascálacha ón gCoimisiún nó treoir ghinearálta bheartais a ghlacadh, tacú le forfheidhmiú *vis-à-vis* soláthraithe neamhainmnithe agus cúraimí eile nach mbaineann le cúraimí maoirseachta GSD dá dtagraítear in Airteagal 43(2) GSD.
- (25) Is é is cúis leis an gcaiteachas oibríochtúil agus riaracháin EUR 0,55 milliún costas an chaiteachais seo a leanas nach mbaineann le cúraimí maoirseachta GSD dá dtagraítear in Airteagal 43(2) GSD:

- Ceithre chonradh seirbhíse a bhaineann leis na Treoirí maidir le Bearta chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú do mhionaíocht ar líne, réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt de bhun Airteagal 21 GSD, an mheastóireacht faoi Airteagal 91(1) GSD ar idirghníomhaíocht GSD le gníomhartha dlí ábhartha eile de chuid an Aontais, an idirghníomhaíocht idir GSD agus bearta náisiúnta (EUR 0,35 milliún);
- Foireann (eatramhach) na gníomhaireachta (EUR 0,02 milliún);
- Misin neamh-mhaoirseachta (EUR 0,06 milliún);
- Seirbhísí comhairleacha arna soláthar ag DIGIT (EUR 0,09 milliún);
- Costais i ndáil le ceardlanna GSD maidir le fógraíocht ar líne (Airteagal 46 GSD), aisíocaíocht costas mar gheall ar fhreastal ar chomhdhálacha agus saíneolaí ar an nGníomh Tarmligthe maidir le Rochtain ar Shonraí a íoc (EUR 0,007 milliún);
- Cruinnithe leis na Ballstáit laistigh den Sainghrúpa Digiteach (EUR 0,006 milliún).

### 2.3 Barrachas nó easnamh

- (26) De bhun Airteagal 8(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1127 ón gCoimisiún, ní mór a léiriú sa tuarascáil sin aon chostas a tabhaíodh le linn na tréimhse tuairisciúcháin a sháraigh méid na gcostas measta le haghaidh na tréimhse céanna, nó aon bharrachas, de réir mar is infheidhme.
- (27) An chomparáid idir an meastachán ar chostais a rinneadh in 2024 chun na táillí maoirseachta a ríomh a toibhíodh ar an mbliain sin agus an caiteachas iarbhír a tabhaíodh in 2025 i ndáil leis na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43(2) GSD, léiríonn sí go raibh an caiteachas EUR 8,061 milliún ar acmhainní

daonna níos ísle ná mar a measadh, agus go raibh an caiteachas oibríochtúil agus riaracháin EUR 7,592 milliún níos ísle. Barrachas **EUR 15,653 milliún** an toradh a bhí air sin.

	<b>Arna thuar i nDoiciméad Inmheánach Oibre (2024) (milliún)</b>	<b>Caiteachas iarbhír in 2025 (milliún)</b>	<b>Barrachas (+)/ Easnamh (-) (milliún)</b>
<b>Caiteachas iomlán</b>	<b>EUR 58,219</b>	<b>EUR 42,566</b>	<b>(+) EUR 15,653</b>
Caiteachas acmhainní daonna	EUR 29,214	EUR 21,153	(+) EUR 8,061
Caiteachas oibríochtúil agus riaracháin	EUR 29,005	EUR 21,412	(+) EUR 7,592

(28) De bhun Airteagal 2(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1127 ón gCoimisiún, an barrachas a gineadh in 2025, arb é a bhí ann EUR 15 653 141, cuirfear san áireamh é sa mheastachán ar na costais bhliantúla fhoriomlána a mheastar a thabhfófar le haghaidh fheidhmiú chúraimí an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 43(2) GSD in 2027.

### 3. Méid foriomlán na dtáillí maoirseachta a toibhíodh in 2025

(29) Foráiltear le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1127 ón gCoimisiún gur cheart na costais a bhfuil meastachán le déanamh orthu maidir leis na táillí maoirseachta a thoibheofar i mbliain n a chinneadh trí na hacmhainní daonna uile a chur san áireamh ar acmhainní iad atá le húsáid ag an gCoimisiún, chomh maith le caiteachais oibríochtúla agus riaracháin eile a bhaineann le comhlíonadh na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43(2) den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha i mbliain n+1.

(30) Foráiltear le hAirteagal 43(6) GSD gurb éard atá sna táillí maoirseachta bliantúla aonair a thoibhítear ar gach soláthraí ardáin an-mhór ar líne nó innill cuardaigh an-mhór ar líne de bhun Airteagal 43(1) GSD ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. <sup>(16)</sup>

(31) Na hioncain shannta sheachtracha iomlána mheasta a eascraíonn as na táillí maoirseachta a toibhíodh ag deireadh 2025 le haghaidh 2026, áiríodh iad i mBuiséad Ginearálta an Aontais le haghaidh na Bliana Airgeadais 2026 de bhun Airteagal 41(8) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. An 27 Meitheamh 2025 foilsíodh an forléargas ar ghnéithe a dtugtar cuntas orthu sa mheastachán ar mhéid an ioncain shannta sheachtraigh a eascraíonn as an táille mhaoriseachta, bunaithe ar na réamhaisnéisí caiteachais le haghaidh 2026. <sup>(17)</sup> Dá bhrí sin, níor cumhdaíodh leis na táillí maoirseachta a toibhíodh in 2025 aon chaiteachas arna thabhu ag an gCoimisiún chun a chúraimí maoirseachta a chomhlíonadh go héifeachtach san Aontas sa tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025, toisc nach gcumhdófar leo ach caiteachas arna thabhu in 2026.

(32) De bhun Airteagal 8(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1127 ón gCoimisiún, ní mór don Choimisiún méid foriomlán na dtáillí maoirseachta a toibhíodh a léiriú sa tuarascáil seo, lena n-áirítear dáta na n-íocaíochtaí ar leith, aon íocaíocht atá ar iarraidh nó íocaíocht dhéanach, imeachtaí cúirte leanúnacha a bhaineann leis na cinní cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 6(4) den Rialachán

<sup>(16)</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>.

<sup>(17)</sup> Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, ‘Forbhreathnú ar ghnéithe a dtugtar cuntas orthu sa mheastachán ar mhéid an ioncain shannta sheachtraigh a eascraíonn as an táille mhaoriseachta de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1127 ón gCoimisiún’, 27.6.2025 Doiciméad Inmheánach Oibre (2025)175 final (<https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/overview-elements-accounted-estimation-amount-external-assigned-revenues-stemming-0>).

Tarmligthe agus na nósanna imeachta aisghabhála dá dtagraítear in Airteagal 7(2) den Rialachán sin a bhaineann leis na táillí maoirseachta a toibhíodh, ar dháta bailchríochnaithe na tuarascála.

- (33) Ba é **EUR 54 819 372** méid foriomlán na dtáillí maoirseachta a toibhíodh in 2025 chun costais an Choimisiúin in 2026 a chumhdach. Sheol na soláthraithe seirbhísí ainmnithe uile a n-íocaíochtaí chuig an gCoimisiún faoin sprioc-am a leagadh síos, is é sin an 31 Nollaig 2025. Níl aon íocaíocht ar iarraidh ná thar téarma tráth foilsithe na tuarascála seo a mhéid a bhaineann leis na táillí maoirseachta a thoibhítear ar sholáthraithe seirbhísí ainmnithe in 2025.
- (34) Ar dháta thabhairt chun críche na tuarascála seo, tá 11 imeacht cúirte leantacha ar siúl a bhfuil baint acu leis na cinntí cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 6(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1127 ón gCoimisiún. Liostaítear na himeachtaí cúirte sin sa tábla thíos.

<b>Cás-uimhir</b>	<b>Seirbhís(i) ainmnithe</b>	<b>An bhliain a glacadh an cinneadh cur chun feidhme a bhfuil agóid á déanamh ina choinne</b>
T-55/24 (faoi achomharc C-744/25 P)	Facebook agus Instagram	2023
T-58/24 (faoi achomharc C-745/25 P)	TikTok	2023
T-88/25	TikTok	2024
T-89/25	Facebook agus Instagram	2024
T-92/25	Google Maps, Google Play, Google Search, Google Shopping agus YouTube	2024
T-70/26	Stripchat	2025
T-73/26	Facebook agus Instagram	2025
T-89/26	Google Maps, Google Play, Google Search, Google Shopping agus YouTube	2025
T-90/26	TikTok	2025
T-91/26	Amazon Store	2025
T-92/26	Zalando	2025

- (35) Níl aon nós imeachta aisghabhála ar siúl dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1127 ón gCoimisiún a bhaineann leis na táillí maoirseachta a toibhíodh.